



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

2007. S72T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.00

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

### TREORACHA

1. Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.
2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)  
Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)  
Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)  
Iomlán (80 marc)
3. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
4. Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

**TÁBHACHTACH:** Beifear ag súil leis go gcloífidh tú leis an gcur chuige a chleachtar sa chúrsa OSSP ó thaobh cearta daonna de agus tú ag freagairt na gceisteanna ar an bpáipéar seo.

Don scrúdaitheoir		
	Ceist	Marc
Roinn 1	C1	
	C2	
	C3	
Roinn 2	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
Roinn 3	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
<b>IOMLÁN</b>		
<b>Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh</b>		
<b>Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge</b>		
<b>MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh</b>		

**ROINN 1**  
**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

1. Fótagraif iad seo thíos de cheathrar polaiteoirí atá i gceannas, nó a bhí i gceannas, ar pháirtithe polaitiúla in Éirinn. Scríobh síos sna spásanna atá ann dóibh ainm gach polaiteora agus ainm an pháirtí polaitíochta a bhfuil sé i gceannas air, nó a raibh sé i gceannas air.

**Níl sé ceadaithe tagairt do pháirtí polaitíochta ar leith ach AON UAIR AMHÁIN.**

**Páirtithe Polaitíochta:** An Páirtí Daonlathach      An Comhaontas Glas  
Fianna Fáil      Fine Gael



Ainm \_\_\_\_\_

Páirtí Polaitíochta \_\_\_\_\_



Ainm \_\_\_\_\_

Páirtí Polaitíochta \_\_\_\_\_



Ainm \_\_\_\_\_

Páirtí Polaitíochta \_\_\_\_\_



Ainm \_\_\_\_\_

Páirtí Polaitíochta \_\_\_\_\_

(8 marc)

2. Anseo thíos tá ainmneacha sé ghrúpa daoine agus lógónna na sé eagraíocht is mó a bhfuil baint acu leo. Sa spás atá ar fáil faoi bhun gach lógó, scríobh ainm an ghrúpa daoine is mó a bhfuil baint aige leis.

**Níl sé ceadaithe ach ainm AMHÁIN a scríobh faoi gach lógó. Níl sé ceadaithe ainm grúpa daoine ar leith a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN.**

**Grúpaí Daoine:**

- Lucht iarrtha tearmainn & dídeanaithe
- Daoine gan dídean
- Daoine atá ag dul in aois
- Daoine atá ag tabhairt aghaidhe ar phionós an bháis
- Daoine bochta
- An lucht taistil



(a) Grúpa daoine

\_\_\_\_\_



(b) Grúpa daoine

\_\_\_\_\_



(c) Grúpa daoine

\_\_\_\_\_



(d) Grúpa daoine

\_\_\_\_\_



(e) Grúpa daoine

\_\_\_\_\_



(f) Grúpa daoine

\_\_\_\_\_

(6 mharc)

3. Comhlánaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas.

(a) Síníodh an F \_\_\_\_\_ Domhanda um Ch \_\_\_\_\_ D \_\_\_\_\_ sa bhliain 1948 chun Cearta Daonna a chosaint ar fud an domhain.

(b) Líonann an vótálaí P \_\_\_\_\_ V \_\_\_\_\_ chun a vóta a chaitheamh i dtoghchán.

(c) Tugtar an Ch \_\_\_\_\_ D \_\_\_\_\_ ar an gcúirt is íochtaráí in Éirinn.

(d) Toghann pobal na hÉireann triúr déag FPE (MEP) gach cúigiú bliain chun a gcuid tuairimí a chur i láthair an Aontais Eorpaigh i bP \_\_\_\_\_ na hE \_\_\_\_\_.

(4 mharc)

## ROINN 2

Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.

Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.

### 1. Cinedhíothú in Darfur

**NÓTA:** *Is é is cinedhíothú ann ná dúnmharú grúpa iomlán daoine ar de náisiún, de chine nó de reiligiún ar leith iad.*

Déan staidéar ar an mbileoigín agus ar an gcárta poist, *Cinedhíothú in Darfur*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Cinedhíothú in Darfur – Bileoigín & Cárta Poist* le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbileoigín agus ar an gcárta poist sin, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) As an mbileoigín tabhair ainm an fheachtais seo i gcoinne an chinedhíothaithe in Darfur.

\_\_\_\_\_

Cá bhfuil Darfur?

\_\_\_\_\_

De réir an tSeanaórá Paul Simon, cén chaoi a bhféadfadh daoine cabhrú chun cosc a chur leis an gcinedhíothú in Ruanda?

\_\_\_\_\_

(3 mharc)

- (b) As an mbileoigín ainmnigh **DHÁ** chinedhíothú eile a tharla i rith an fichiú haois.

An Chéad Chinedhíothú \_\_\_\_\_

An Dara Cinedhíothú \_\_\_\_\_

Cad atá á iarraidh ag an bhfeachtas cártaí poist ar an Uachtarán Bush a dhéanamh?

\_\_\_\_\_

(3 mharc)

- (c) Luaigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an gcineál seo d'fheachtas cártaí poist.

Buntáiste \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Míbhuntáiste \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (d) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** ghníomhaíocht feachtais shíochánta eile a d'fhéadfadh **LUCHT EAGRAITHE AN FHEACHTAIS SEO** a ghlacadh mar chúram orthu féin chun aird a dhíriú ar na tosca in Darfur.

An Chéad Gníomh \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An Dara Gníomh \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(6 mharc)

2. Duaiseanna an Chomhshaolaí Óig

Déan staidéar ar an mbileog, *Duaiseanna an Chomhshaolaí Óig*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Duaiseanna an Chomhshaolaí Óig – Bileog* le haghaidh Roinn 2, Ceist 2.

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbileog seo, freagair na ceisteanna thíos.

(a) Cén **DÁ** eagraíocht chomhshaoil a thugann tacaíocht do na duaiseanna seo?

(i) \_\_\_\_\_ (ii) \_\_\_\_\_

Cén suíomh gréasáin a sholáthraíonn eolas breise mar gheall ar na duaiseanna seo?

\_\_\_\_\_

Seachas an gréasán, ainmnigh slí **AMHÁIN** chun teagmháil a dhéanamh le foireann Dhruiseanna an Chomhshaolaí Óig.

\_\_\_\_\_

(4 mharc)

(b) Cén cineál tionscadal gnímh a chaithfidh tú a ghlacadh idir lámha chun a bheith rannpháirteach sa chomórtas seo?

\_\_\_\_\_

Cad é mana ECO-UNESCO?

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

(c) Chuir mac léinn i scoil amháin scannán gairid le chéile mar gheall ar thábhacht an laghdúcháin, na hathúsáide agus na hathchúrsála.

Luaigh **DHÁ** gníomh eile a d'fhéadfadh **THUSA** a dhéanamh i do scoil féin chun daoine a chur ar an eolas mar gheall orthu seo.

An Chéad Gníomh \_\_\_\_\_

An Dara Gníomh \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (d) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** gníomh thábhachtacha a d'fhéadfadh **DO SCOILSE** a dhéanamh chun a thaispeáint gur scoil í a thugann aire don chomhshaol.

**Ná luaigh aon cheann de na gníomhartha atá luaite roimhe seo agat.**

An Chéad Gníomh \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An Dara Gníomh \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(4 mharc)

- (e) Ní foláir do dhaoine aonair, don tionsclaíocht agus do rialtais gníomhú i dteannta a chéile láithreach má táimid leis an téamh domhanda agus na hiarmhairtí a leanann é, a laghdú ar fud an domhain.

Mol mana d'fheachtas domhanda chun an téamh domhanda a laghdú.

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

3. **Ag Caitheamh Vóta ag 16 bliana d'aois**

**Déan staidéar ar an alt nuachtáin *Ag Caitheamh Vóta ag 16 bliana d'aois* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Ag Caitheamh Vóta ag 16 bliana d'aois* – Alt Nuachtáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3.**

**Tar éis staidéar a dhéanamh ar an alt nuachtáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

- (a) Cad iad na hargóintí a dhéantar i gcoinne cead vótála a bheith ag daoine óga ag 16 bliana d'aois?

\_\_\_\_\_

Cén fáth a raibh roinnt Éireannach óg ag tabhairt cuairte ar an nGinéiv?

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (b) As an alt nuachtáin, ainmnigh an **DÁ** eagraíocht a bhíonn ag obair le páistí agus le daoine óga.

An Chéad Eagraíocht \_\_\_\_\_

An Dara hEagraíocht \_\_\_\_\_

De réir Mhichíl Mhic Lochlainn, cén rud a chaithfidh titim amach chun go mbeidh tionchar mar is cóir ag an aos óg ar mhúnlú shochaí na hÉireann?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(3 mharc)

- (c) Mol **DHÁ** shlí a rachadh sé chun leasa na sochaí, dar leat, dá n-ísleofaí an aois vótála go dtí 16 bliana d'aois .

An Chéad Slí \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An Dara Slí \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)



- (d) Seachas an aois vótála a íslíú go dtí 16 bliana d’aois, déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh is féidir le **POLAITEOIRÍ ÉIREANNACHA** a dhéanamh chun go mbeadh daoine óga níos gníomhaí sa pholaitíocht.

An Chéad Ghníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

An Dara Gníomh

---

---

---

---

(4 mharc)

- (e) Cuir i gcás go bhfuil an Comhaontas um Chearta Leanaí díreach tar éis **TUSA** a cheapadh chun feachtas a rith chun go n-ísleofaí an aois vótála go dtí sé bliana déag. Scríobh mana a d’úsáidfeá chun daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh san fheachtas seo.

Mana an Fheachtais \_\_\_\_\_

---

---

(3 mharc)

4. Éire na bPavee

Déan staidéar ar an bPóstaer atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).

Ar bharr an leathanaigh, léifidh tú *Éire na bPavee* – Póstaer le haghaidh Roinn 2, Ceist 4.

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bPóstaer, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cén ócáid a comóradh ar 21 Márta?

---

As an bpóstaer, roghnaigh **DHÁ** réimse dhifriúla de shaol na hÉireann a mbíonn an lucht siúil páirteach iontu.

An chéad réimse \_\_\_\_\_

An dara réimse \_\_\_\_\_ (3 mharc)

- (b) Cá bhfuil *Pavee Point Travellers' Centre*?

---

De réir Thomas McCann, an mbíonn an praghas a chaitheann daoine a íoc chun cearta daonna a chosaint ró-ard riamh?

---

(3 mharc)

- (c) Tá cultúr ar leith ag an lucht siúil atá difriúil le cultúr an phobail lonnaithe. Déan cur síos ar **DHÁ** shlí ina bhfuil cultúr an lucht siúil difriúil le cultúr an phobail lonnaithe.

An Chéad Slí \_\_\_\_\_

---

---

An Dara Slí \_\_\_\_\_

---

(4 mharc)

- (d) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfása agus an rang OSSP agatsa a dhéanamh chun an lucht siúil a chomóradh.

An Chéad Gníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

An Dara Gníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

(4 mharc)

### ROINN 3

Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.

Tá 20 mharc ag gabháil le gach ceist.  
Ta leathanach bán le haghaidh ceisteanna na gcuirí/na bpóstaer  
ar chúl an fhreagarleabhair seo.  
Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr  
ar an bhFeitheoir é, le do thoil.

1.



#### Deireadh Seachtaine Cuir Aithne Ar Do Chomharsa

Bunaíodh an feachtas, Cuir Aithne Ar Do Chomharsa, chun daoine a spreagadh chun gníomhaíocht a eagrú agus chun cuireadh a thabhairt dá gcomharsana dul ann.

Tá beartaithe agatsa agus ag roinnt de do chairde ócáid a eagrú i do chomharsanacht chun cabhrú le do chomharsana chun aithne a chur ar a chéile.

- (a) Dear cuireadh a sheolfá chuig gach duine de do chomharsana, ag tabhairt cuireadh dóibh teacht chuig an ócáid speisialta de do chuidse, Cuir Aithne Ar Do Chomharsa. Ba cheart go mbeadh **TRÍ** phríomhghíota eolais ar a laghad ar ghá go mbeadh eolas ag do chomharsana ina dtaobh sa chuireadh.  
(Tá leathanach bán le haghaidh an chuiridh ar fáil ar chúl an fhreagarleabhair seo).  
(6 mharc)
- (b) Luaigh agus mínigh **TRÍ** chúis ar dóigh leatsa go bhfuil an feachtas seo tábhachtach le haghaidh na ndaoine sa chomharsanacht agatsa.  
(6 mharc)
- (c) Seachas an cuireadh, déan cur síos go mion ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfá agus do chairde a dhéanamh chun an ócáid, Cuir Aithne Ar Do Chomharsa, a chur chun cinn.  
(8 marc)

2.



#### Na Ceithre Cúirteanna

Tá ról an-tábhachtach ag na cúirteanna sa tsochaí againne, ach tá mórán daoine ann nár thug cuairt ar theach cúirte riamh.

Tá sé beartaithe ag an rang OSSP agatsa cuairt ar na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath a eagrú chun cabhrú libh ról na gcúirteanna a thuiscint.

- (a) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh sibhse a ghlacadh idir lámha a chabhródh libh obair na gcúirteanna a thuiscint sula dtugann sibh bhur gcuairt orthu.  
(6 mharc)
- (b) Scríobh litir chuig Oifig Eolais Sheirbhís na gCúirteanna ag iarraidh orthu turas faoi threoir ar na Ceithre Cúirteanna a chur ar fáil don rang OSSP agaibhse. Ba cheart **DHÁ** chúis a lua i do litir á rá cén fáth ar mhaith leatsa agus le do chomhghleacaithe ranga cuairt a thabhairt ar theach na cúirte.  
(6 mharc)
- (c) Seachas litreacha a scríobh, déan cur síos go mion ar obair **THRÍ** ghrúpa a chuirfeá ar bun chun bhur gcuairt ranga ar na Ceithre Cúirteanna a eagrú.  
(8 marc)

3.



### Lá na hEorpa, 9 Bealtaine

Sa bhliain 1985 roghnaigh an tAE an 9 Bealtaine mar dháta comórtha Lá na hEorpa.

Tá sé beartaithe ag an rang OSSP agatsa Lá na hEorpa a chomóradh mar chuid dá bhfuil á fhoghlaim agaibh mar gheall ar an idirspiléachas.

- (a) Scríobh óráid ghearr le haghaidh tionól scoile ag tabhairt míniú ar an gclár comórtha Lá na hEorpa atá agaibhse. Ba cheart go mbeadh cur síos ann ar **THRÍ** ghníomhaíocht éagsúla ar féidir le gach duine bheith rannpháirteach iontu chun go bhféadfaí níos mó a fhoghlaim mar gheall ar an Aontas Eorpach. (6 marc)
- (b) Seachas óráid a thabhairt ag an tionól scoile, déan cur síos ar **DHÁ** shlí a bhféadfadh do rangsa daoine a chur ar an eolas mar gheall ar imeachtaí Lá na hEorpa atá beartaithe agaibhse. (6 marc)
- (c) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** scil a d'úsáidfeá féin agus do chomhghleacaithe ranga agus sibh ag cur daoine ar an eolas mar gheall ar na himeachtaí comórtha Lá na hEorpa atá beartaithe agaibh. (8 marc)

4.



### Olltoghchán Bréagach

Is bliain olltoghcháin in Éirinn í agus tá sé beartaithe ag an rang OSSP agatsa olltoghchán bréagach a eagrú.

- (a) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh sibh a ghlacadh idir lámha chun cabhrú libh olltoghcháin a thuiscint sula gcuirfí olltoghchán bréagach ar siúl. (8 marc)
- (b) Dear póstaer a d'úsáidfeadh sibh chun mic léinn in bhur scoilse a spreagadh chun vóta a chaitheamh in olltoghchán bréagach. Chomh maith le líníocht, ba cheart go mbeadh mana ar an bpóstaer a mbeadh sé mar aidhm aige mic léinn a spreagadh chun vóta a chaitheamh. (Tá leathanach bán le haghaidh an phóstaer ar fáil ar chúl an fhreagarleabhair seo). (6 marc)
- (c) Déan cur síos ar **TRÍ** thasc a bheadh ar an rang OSSP agatsa a ghlacadh idir lámha chun olltoghchán bréagach a eagrú agus a rith. (6 marc)





**Chun na ceiste ar an gCUIREADH/bPOSTAER [C1 (a) nó C4 (b)] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**